

**COMHAIRLÍ CONTAE AGUS  
CATHRACH CHILL CHAINNIGH  
SCÉIM TEANGA  
2009-2012**



**COMHAIRLÍ CONTAE  
AGUS CATHRACH CHILL  
CHAINNIGH  
SCÉIM NA GAELIGE  
2009-2012**

# Caibidil 1

## Réamhrá agus Cúlra

Ullmhaíodh an scéim seo faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foráiltear in Alt 11 d'ullmhúchán scéime reachtúla ag comhlacht poiblí ina sonraítear na seirbhísí a bheartaíonn an comhlacht poiblí a sholáthar:

- trí Ghaeilge,
- trí Bhéarla, agus
- trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

Leagtar amach sa scéim na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraítear trí Ghaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse a aontófar.

### 1.1 Ábhar na Scéime Teanga

Is í roinn na Seirbhísí Corparáideacha a chuir an scéim seo i dtoll a chéile i gcomhar le baill foirne shinsearacha eile.

Is í an bhainistíocht shinsearach laistigh de Chomhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na scéime agus as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

Is ar an oiread is atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana atá an Scéim tógtha.

Is ag féachaint do ábhair na dtreoirínte reachtúla atá eisithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a dréachtaíodh an scéim seo.

### 1.2 Dáta Tosaithe na Scéime –

Dhearbhaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta an scéim seo. Tiocfaidh an scéim i bhfeidhm an 10 Lúnasa 2009 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé ceann acu is túsce.

### 1.3 Forbhreathnú ar Chomhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh

Is í Údarás Áitiúil Chathair agus Chontae Chill Chainnigh an t-údarás áitiúil a chuireann seirbhísí áitiúla ar fáil do mhuintir Contae agus Cathrach Chill Chainnigh.

Is é seo a leanas ár ráiteas misin:

“Tá sé d’aidhm ag Údarás Áitiúil Chill Chainnigh oibriú i gcomhpháirtíocht le pobal UILE Chill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí bainteacha chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus chun forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn don ghlúin atá ann agus do na glúnta atá le teacht.”

Cuireann Comhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh go leor seirbhísí éagsúla ar fáil, a mbíonn tionchar acu ar shaol gach saoránaigh sa Chontae agus sa Chathair. Seo a leanas na feidhmeanna agus na seirbhísí príomhúla:

- Bainistiú agus soláthar tithíochta
- Bóithre, lena n-áirítear bainistiú agus sábháilteacht tráchta
- Seirbhísí Uisce lena n-áirítear séarachas
- Rialú agus Dreasachtaí Forbartha
- Cosaint agus Oideachas Comhshaoil
- Áineas agus Conláiste lena n-áirítear leabharlanna, na healaíona, páirceanna agus ionaid súgartha
- Seirbhísí ilghnéitheacha

Tá roinnt bunchuspóirí corparáideacha a chuireann taca le príomhaidhmeanna agus le príomhghníomhaíochtaí na gComhairlí Contae agus Cathrach mar atá:

“Tacaíonn Údarás Áitiúil Chill Chainnigh leis an bpróiseas daonlathach agus le sainordú na nIonadaithe Tofa agus aithníonn sé chomh maith an gá le comhshaol sábháilte, folláin agus tacúil don fhoireann agus dá réir aontaíonn sé leis na bunluachanna a leanas:-

- Rannpháirteachas agus ComhionannasArdchaighdeán maidir le soláthar seirbhíse
- Feabhsú leanúnach seirbhíse (lena n-áirítear luach ar airgead agus úsáid táscairí)
- Ardchaighdeán maidir le hiompar agus le hionracas
- Oscailteacht agus freagracht
- Meas frithpháirteach agus tacaíocht do Chomhaltaí, d’Fhoireann agus don phobal i gcoitinne
- An custaiméir a bheith lárnach i gcóras éifeachtúil agus cásmhar
- Forás leanúnach Foirne”

Aithnítear na cuspóirí sin i bPlean Corparáideach na comhairle do 2004-2009, an plean reatha, ina leagtar amach na spriocanna dúshlánacha maidir le feabhas ar sheirbhísí cathrach agus contae agus ar an daonlathas áitiúil.

## **1.4 Custaiméirí agus Cliant**

Áirítear ar bhonn custaiméara Chomhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh cónaitheoirí sa Chontae agus sa Chathair, an pobal gnó agus na mílte daoine a thugann cuairt ar an gContae agus ar an gCathair gach lá.

Ina theannta sin, bíonn caidreamh oibre ag an gComhairle Contae agus Cathrach le grúpaí éagsúla reachtúla agus neamhreachtúla.

## **1.5 Measúnú ar an oiread is atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana**

Faoi láthair foilsíonn na Comhairlí Contae agus Cathrach doiciméid reachtúla agus ráitis pholasaí eile i nGaeilge agus i mBéarla de réir forálacha alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is go dátheangach a bhíonn comharthaí poiblí sa Chontae agus sa Chathair agus in oifigí na comhairle go ginearálta. Tá roinnt suntasach leathanach dhátheangach ar an suíomh idirlín.

Tá sé d'acmhainn ag an gComhairle cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge i gcás iarratais ó bhall an phobail.

## **Caibidil 2**

### **Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Comhairle**

#### **2.1 Modheolaíocht agus Taighde a Rinneadh**

Le linn ullmhúchán na scéime, ghlac Comhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh páirt i bpróiseas comhairliúcháin a bhain le:

- aighneachtaí a lorg ón bpobal maidir le hullmhúchán dhréacht-scéime
- aighneachtaí a lorg ó bhaill foirne shinsearacha

#### **2.2 Modhanna Cumarsáide idir an Chomhairle agus an Pobal**

Baineann an Chomhairle úsáid as na modhanna a leanas chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal

- Bróisiúir & Bileoga Faisnéise
- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin

- Preaseisiúintí
- Leathanach coicisiúil i gceann de na nuachtáin áitiúla
- Suíomh Idirlín
- Fógraíocht Poiblí
- An raidió áitiúil

### **2.3 Doiciméadú Scríofa**

Cuirfear i ngnímh i rith shaol na scéime na polasaithe a leanas maidir le catagóirí éagsúla an doiciméadaithe scríofa a tháirgfidh Comhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh:

#### **(i) Bróisiúir, Bileoga Faisnéise & Foirmeacha Iarratais**

Cuirfear gach Foirm Iarratais nua a eiseoidh na Comhairlí Contae agus Cathrach, móide an doiciméadú bainteach a ghabhann leo ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ó thús na scéime.

Cuirfear bróisiúir agus bileoga faisnéise nua ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i bhfoirm leictreonach nó mar chóip chrua. Caithfear mar an gcéanna leis an dá theanga oifigiúla lena chinntiú go gcuirfear seirbhís ar comhchaighdeán ar fáil don chustaiméir i ngach teanga acu.

Cuirfidh an Chomhairle ar fáil i rith shaol na scéime leaganacha Gaeilge agus Béarla de gach foirm iarratais atá ann cheana nuair a dhéanfar athstocáil.

Cuirfear bróisiúir agus bileoga faisnéise ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i bhfoirm leictreonach nó mar chóip chrua. Caithfear mar an gcéanna leis an dá theanga oifigiúla lena chinntiú go gcuirfear seirbhís ar comhchaighdeán ar fáil don chustaiméir i ngach teanga acu.

Déanfaidh an Chomhairle cinnte i gcás go gcuirtear doiciméid scríofa ar fáil i bhformáid chóipe crua go gcuirfear ar fáil iad go dátheangach laistigh den chlúdach céanna ach amháin sa chás nach mbeidh sé indéanta de bharr cineáil, méid nó leagan amach an ábhair.

#### **(ii) Foilseacháin**

Tá sé de rún ag Comhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh a chinntiú go gcuirfear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla laistigh den chlúdach céanna aon doiciméid pholasaí a bhfaighfear cead foilsithe ón gComhairle ina leith i gcaitheamh shaol na scéime seo ach amháin sa chás nach mbeidh sé indéanta de bharr cineáil, méid nó leagan amach an ábhair.

#### **(iii) Preaseisiúintí**

Is i mBéarla amháin a chuirtear preaseisiúintí ar fáil faoi láthair. Faoi cheann an tríú bliain den scéim, foilseoidh an Chomhairle 10% dá cuid phreaseisiúintí i nGaeilge agus i mBéarla.

#### (iv) Suíomh Idirlín

Beidh faisnéis ar fáil go dátheangach ar shuíomh idirlín Comhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh féin agus ar na suímh idirlín eile a bhfuil siad freagrach astu, eadhon, na suímh idirlín do Bhardas Buirge Chill Chainnigh agus do Ghairdíní Woodstock. Faoi cheann mhí an Mheithimh 2010, má fhágtar faisnéis theicniúil as an áireamh, beidh ar a laghad 10%, ag ardú go 25% faoi dheireadh na Scéime, den fhaisnéis atá ar fáil sna leaganacha Béarla ar fáil ar gach ceann de na suímh sin.

(v) Beidh an tÚdarás ag iarraidh an pobal a spreagadh chun úsáid a bhaint as an leathanach coicísiúil chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

Beidh fógra á fhógairt ar an leathanach faoin bpolasaí seo.

## **2.4 Cumarsáid ó Bhéal**

Is í an fhoireann ag deasca na seirbhísí custaiméara / na hoibreoirí lasc-chláir is túisce a ndéanann an pobal teagmháil leo. Faoi dheireadh na scéime, beidh sé de pholasaí ag Comhairle Contae agus Cathrach Chill Chainnigh a chinntiú go mbeidh cleachtas caighdeánach maidir le Seirbhís do Chustaiméirí i bhfeidhm sa réimse seo, is é sin:

- Go mbeidh an fhoireann fáiltithe / na hoibreoirí lasc-chláir in ann ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt as Gaeilge.
- Go mbeidh eolas maith acu ar na gnáthbheannachtaí Gaeilge ar a laghad
- Go mbeidh socruithe cuí i bhfeidhm chun baill an phobail a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a éilítear trí Ghaeilge, más ann di.

I dtaca le hiarratais na Comhairle an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal ar bhealach dearfach beidh an dátheangachais ina ndlúthchuid d'aon imeachtaí poiblí ardphróifíle.

## **Caibidil 3**

### **Seirbhísí/Gníomhaíochtaí a chuireann na Rannóga ar fáil**

#### **3.1 Réamhrá**

Leagtar amach sa Chaibidil seo an seasamh atá ag na Rannóga aonair maidir le soláthar seirbhísí/gníomhaíochtaí laistigh den Chomhairle Contae agus Cathrach agus an córas a fheidhmítear i ngach cás maidir leis na teangacha oifigiúla.

### **3.2 Teanga Oibre gach Rannóige**

Ní chuirtear seirbhís trí Ghaeilge amháin ar fáil in aon roinn faoi láthair.

Is é an Béarla an teanga oibre maidir le seirbhísí uile na Comhairle arna liostú mar a leanas

- Soláthar agus Bainistiú Tithíochta
- Bainistiú Bóithre agus Tráchta
- Seirbhísí Uisce
- Pleanáil
- Cuntais iníochta agus infhaighte
- Forfheidhmiú, Oideachas agus Rialú Comhshaoil
- Oifigí Chomhairle Buirge Chill Chainnigh
- Brainsí leabharlainne ar fud an Chontae
- Oifig na nEalaíon
- Oifigí Ceantair Uile
- Linn Snámha
- Seirbhís Dóiteáin
- Cosaint Shibhialta
- Seirbhísí Corparáideacha agus Córais Faisnéise

I rith shaol na scéime seo, cuirfidh an Chomhairle clár oiliúna i bhfeidhm lena chur ar chumas na Ranna a liostaítear thíos ball foirne amháin ar a laghad a chur ar fáil chun seirbhís chuntair a sholáthar go dátheangach faoi dheireadh na scéime.

- Ag pointí seirbhíse sonraithe i Halla an Chontae, eadhon, ainmneofar ball foirne amháin mar dhuine inniúil chun seirbhís chuntair a chur ar fáil trí Ghaeilge ar gach urláir i Halla na Cathrach
- Ag pointí seirbhíse sonraithe laistigh de Sheirbhís na Leabharlainne, eadhon, sa Cheanncheathrú, i mBrainse na Cathrach agus laistigh de cheann de Bhraintsí an Chontae.
- Seirbhísí Corparáideacha
- Ball foirne amháin ar a laghad ainmnithe do Halla na Cathrach
- Ball foirne amháin ar a laghad ainmnithe do Theach Fhaiche Seán.

Cuirfear an pobal ar an eolas maidir leis an tseirbhís trí chomharthaí poiblí agus trí fhógra a chur ar ár leathanach coicísiúil den nuachtán áitiúil, an Kilkenny People

- Tabharfar ainmneacha Gaeilge agus Béarla nó Gaeilge amháin ar aon fhorbraíochtaí cónaithe nua mar choinníoll an cheada phleanála. Is iad na hÚdaráis Áitiúla a bheidh freagrach as ainmneacha cuí a fhíorú agus a roghnú i gcomhchomhairle le coimisiún na logainmneacha má theastaíonn ag cur san áireamh logainmneacha, stair agus oidhreacht áitiúil an cheantair mar atá sé faoi láthair.

### **3.2.1 Rannóga a chuireann seirbhís ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla**

Is féidir le Ceanncheathrú Leabharlann an Chontae agus na Cathrach seirbhís cuntair a chur ar fáil do bhail an phobail i nGaeilge agus i mBéarla. I gcaitheamh shaol na scéime cuirfear oiliúint ar fáil lena chinntiú go gcoinnítear an inniúlacht sin i measc baill foirne reatha agus nua.

### **3.2.2 Achoimre**

Beidh sé d'aidhm againn an dátheangachas a chothú agus a bheith mar chuid den saol sna rannóga a liostaítear thuas d'fhonn fáilte a chur roimh an custaiméir le Gaeilge agus é a spreagadh chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sa chaoi is go mbeidh idir chustaiméirí agus fhoireann sásta gnó á dhéanamh trí Ghaeilge.

## **Caibidil 4**

### **Seirbhísí Corparáideacha a Fheabhsú ó thaobh na Gaeilge**

#### **4.1 Córais Faisnéise**

Maidir le cumarsáid leictreonach, cinnteoidh Comhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh go gcuirfear na polasaíthe a leanas i bhfeidhm:

- Is go dátheangach a bheidh aon ráiteas séanta nó aon teachtaireacht chaighdeánach i gcomhfhreagras ríomhphoist faoi cheann mhí na Samhna 2009.
- Déanfaidh an Chomhairle Contae agus Cathrach cinnte go mbeidh aon chóras ríomhaire/bogearra nua a cheannóidh an Chomhairle Contae agus Cathrach in ann an Ghaeilge a láimhseáil go huile.



- Cuirfear na córais reatha in oiriúint don Ghaeilge an chéad uair eile a dhéanfar an obair chothabhála nó uasghrádaithe atá beartaithe.
- Socrófar seoladh ríomhphoist cineálach le haghaidh fiosrúchán as Gaeilge. Cinnteoidh an Chomhairle Contae agus Cathrach go bhfreagrófar go pras fiosrúcháin dá leithéid ar an dóigh chéanna a d'fhreagrófaí fiosrúcháin as Béarla.
- Bainfear úsáid as an t-inlíon mar acmhainn inmheánach chun Gaeilge a chur chun cinn agus chun cúnamh a thabhairt le fiosrúcháin ghinearálta
- Cuirfear aon chóras idirghníomhach nua a mbainfidh an pobal úsáid as chun teacht ar sheirbhísí in oiriúint don dátheangachas faoi dheireadh na Scéime. Cuirfear córais idirghníomhacha reatha in oiriúint don dátheangachas freisin an chéad uair eile a dhéanfar an obair chothabhála nó uasghrádaithe atá beartaithe.

## **4.2 Earcaíocht & Socrúchán**

Tabharfaidh roinn na Seirbhísí Corparáideacha aghaidh ar shaincheist na Gaeilge i ndáil le hearcaíocht agus oiliúint.

Tabharfaidh an Chomhairle Contae agus Cathrach aird ar riachtanais na scéime seo agus saincheisteanna maidir le hearcaíocht agus socrúchán/imscaradh á meas aici.

## **4.3 Oiliúint & Forbairt**

Ag féachaint don scéim seo déanfaidh roinn na Seirbhísí Corparáideacha:

- cinnte de go dtabharfar an spreagadh agus an deis chéanna do gach ball foirne chun na scileanna Gaeilge atá acu a fheabhsú trí chúrsaí oiliúna agus forbartha.
- cúrsaí a eagrú don fhoireann lena chinntiú go mbeidh na ranna in ann na ceangail dá bhforáiltear sa scéim seo a chomhlíonadh.

# **Caibidil 5**

## **Monatóireacht, Athbhreithniú & Foilsiú Scéime Aontaithe**

### **5.1 Monatóireacht & Athbhreithniú**

Déanfaidh Roinn na Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú go tráthrialta ar fheidhmiú na scéime. Cuirfear na hathbhreithnithe sin ar aghaidh go dtí Foireann Bhainistíochta Shinsearach na Comhairle.

Is iad na bainisteoirí líne i ngach roinn a bheidh freagrach as feidhmiú na scéime ó lá go lá. Foilseofar sonraí an dul chun cinn maidir leis an bhforfheidhmiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle.

## **5.2 Poiblíocht a Dhéanamh ar Scéim Aontaithe**

Beidh an pobal in ann féachaint ar an scéim ar shuíomh idirlín agus ag oifigí na Comhairle. Cuirfear i gcúrsaíocht í freisin i measc grúpaí reachtúla agus neamhreachtúla a oibríonn sa Contae agus Cathrach. Cuirfear in iúl ar leathanach na n-údarás áitiúil den Kilkenny People go bhfuil an scéim ann agus cá háit a bhfuil fáil uirthi. Cuirfear an scéim in iúl d'fhoireann Chomhairlí Contae agus Cathrach Chill Chainnigh trí iniamh i bpá/tuarastal agus ar an inlín

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig an gCoimisinéir Teanga freisin.

Is é an leagan Béarla an leagan bunaidh den scéim seo